C/2023/1230 21.12.2023

P9_TA(2023)0214

# Socruithe idir Parlaimint na hEorpa agus BCE maidir lena gcleachtais le haghaidh idirghníomhú a struchtúrú i réimse na baincéireachta ceannais

**Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Meitheamh 2023 ar na socruithe i bhfoirm malartú litreacha idir Parlaimint na hEorpa agus an Banc Ceannais Eorpach maidir le struchtúrú na gcleachtas le haghaidh idirghníomhaíocht i réimse na baincéireachta ceannais (2023/2026(ACI))**

(C/2023/1230)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don litir óna hUachtarán an 28 Feabhra 2023,

— ag féachaint do na dréachtsocruithe i bhfoirm malartú litreacha idir Parlaimint na hEorpa agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) maidir le struchtúrú na gcleachtas le haghaidh idirghníomhaíocht i réimse na baincéireachta ceannais,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(4), Airteagal 132(1), an tríú fleasc, Airteagal 282(5), Airteagal 284(3) agus Airteagal 295 de,

— ag féachaint do Riail 148(1) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0158/2023),

A. de bhrí gurb iad BCE agus bainc cheannais náisiúnta na mBallstát uile atá sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus, i gcomhréir le hAirteagal 127(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), gurb é is príomhchuspóir dóibh cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun;

B. de bhrí, gan dochar do chuspóir na cobhsaíochta praghsanna, go bhfuil CEBC le tacú leis na beartais ghinearálta eacnamaíocha san Aontas d'fhonn rannchuidiú le gnóthú aidhm an Aontais mar atá leagtha síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

C. de bhrí go bhfuil neamhspleáchas BCE mar aon leis an oibleagáid an prionsabal sin a urramú cumhdaithe go soiléir in CFAE, eadhon in Airteagal 130 agus in Airteagal 282 de;

D. de bhrí go bhfuil BCE cuntasach do Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in CFAE, in CAE agus i bPrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh;

E. de bhrí go gceanglaítear le Conarthaí an Aontais Eorpaigh ar BCE tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a bheidh le tíolacadh ag Parlaimint na hEorpa ag a hUachtarán; de bhrí go dtugann foilsiú Thuarascáil Bhliantúil BCE agus a tíolacadh deis do Pharlaimint na hEorpa rún a ghlacadh, lena gceadaítear do Pharlaimint na hEorpa a tuairim ar chinntí beartais airgeadaíochta BCE a chur in iúl, agus gurb é an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an coiste freagrach;

F. de bhrí go dtagann Uachtarán BCE i láthair in éisteacht phoiblí os comhair Choiste ECON ceithre huaire sa bhliain ar a laghad in Idirphlé Poiblí Airgeadaíochta; de bhrí gur deis thábhachtach é an tIdirphlé Airgeadaíochta d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa maoirseacht dhaonlathach a dhéanamh ar obair BCE agus iad i mbun seisiún ceisteanna agus freagraí le hUachtarán BCE; de bhrí go bhféadfaidh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn chuig BCE a chur síos;

G. de bhrí go dtéitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa freisin laistigh den nós imeachta chun comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE a cheapadh;

H. de bhrí go bhfuil sé ar intinn ag Parlaimint na hEorpa díriú ar a cumhacht grinnscrúdaithe agus scrúduithe níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta sa limistéar euro;

I. de bhrí gur deis í an idirghníomhaíocht le Parlaimint na hEorpa do BCE chun a chinntí maidir le beartas airgeadaíochta a mhíniú don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear saoránaigh na hEorpa;

J. de bhrí go ndeachaigh Coiste ECON agus BCE i mbun cainteanna agus gur tháinig siad ar chomhaontú maidir le téacs na socruithe atá i gceangal leis seo;

K. de bhrí gurb é is aidhm do na socruithe sin na dea-chleachtais atá á bhforbairt go neamhfhoirmiúil idir an dá institiúid le roinnt blianta anuas a chomhdhlúthú;

L. de bhrí gur féidir leis na socruithe sin cabhrú le tuiscint leanúnach agus comhar éifeachtach a chur chun cinn, rud a fhágann go sainaithnítear cleachtais choiteanna le haghaidh idirghníomhaíocht idir an dá institiúid i réimse na baincéireachta ceannais;

1. ag formheas na socruithe atá i gceangal leis seo;

2. á threorú dá hUachtarán an litir chuig Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh, a bhfuil na socruithe sin ag gabháil léi, a shíniú;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, lena n-áirítear an iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh mar eolas chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an mBanc Ceannais Eorpach agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**IARSCRÍBHINN: SOCRUITHE I bhFOIRM MALARTÚ LITREACHA IDIR PARLAIMINT NA HEORPA AGUS AN BANC CEANNAIS EORPACH (BCE) MAIDIR LENA gCLEACHTAIS LE hAGHAIDH IDIRGHNÍOMHÚ A STRUCHTÚRÚ I RÉIMSE NA BAINCÉIREACHTA CEANNAIS**

Tá caidreamh BCE leis an bParlaimint i réimse na baincéireachta ceannais cumhdaithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tá fás tagtha air trí chleachtais idirghníomhaíochta éagsúla ó bunaíodh BCE in 1998.

Leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh paraiméadair shoiléire maidir le neamhspleáchas BCE, a chuntasacht i leith na Parlaiminte, a ról comhairleach i bpróiseas reachtach an Aontais chomh maith lena oscailteacht i leith an phobail.

Is mór ag BCE an ról a bhí ag an bParlaimint thar na blianta chun a chur ar chumas BCE a oibleagáidí cuntasachta agus trédhearcachta a chomhlíonadh go héifeachtach. Sa chomhthéacs sin, feidhmíonn an Pharlaimint mar nasc idir BCE agus saoránaigh an Aontais. Baineann BCE tairbhe as a idirghníomhaíocht leis an bParlaimint, ar institiúid í ina bhfuil ionadaithe ó shaoránaigh an Aontais. Dá réir sin, is féidir leis an bParlaimint ábhair imní na saoránach sin a chur in iúl agus fóram a chur ar fáil do BCE chun a chuid beartas a mhíniú don phobal i gcoitinne. Is é an creat dlíthiúil don chaidreamh atá ina mbonn faoin gcaoi ar mhúnlaigh an dá institiúid a gcomhar éifeachtach le blianta beaga anuas, comhar a éascaíonn do BCE a bheartais agus a bhunréasúnaíocht a chur in iúl do shaoránaigh an Aontais agus dá n-ionadaithe tofa.

Chun comhthuiscint leanúnach agus comhar éifeachtach a chur chun cinn, sainaithníodh na gnéithe a leagtar amach thíos, lena léirítear mianta an dá thaobh, chun na cleachtais idirghníomhaíochta idir an Pharlaimint agus BCE i réimse na baincéireachta ceannais a struchtúrú.

<u>Tuarascáil Bhliantúil BCE</u>

Féachann an Pharlaimint agus BCE le leanúint de rannpháirtíocht struchtúrtha bhliantúil a bheith acu maidir le Tuarascáil Bhliantúil BCE, ina ndéantar cur síos ar chúraimí agus ar ghníomhaíochtaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus ina dtuairiscítear freisin ar bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

Ba cheart go leanfaí de Thuarascáil Bhliantúil BCE a bheith mionsonraithe a ndóthain chun idirphlé fóinteach a cheadú le Feisirí Parlaiminte maidir le beartais BCE. Chuige sin, tá sé ar intinn ag BCE, *inter alia*, anailís mhionsonraithe ar a chuid beartas agus gníomhaíochtaí i gcomhthéacs fhorbairtí eacnamaíocha, airgeadais agus airgeadaíochta na bliana sin a áireamh ina Thuarascáil Bhliantúil.

Go háirithe, ba cheart go n-áireofaí na cleachtais seo a leanas in iarrachtaí na Parlaiminte agus BCE.

— Tá sé ar intinn ag BCE a Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Parlaiminte gach bliain, í a tharchur mar chóip faoi lánchosc roimh an bhfoilsiú agus beidh aiseolas mionsonraithe ó BCE maidir le rún na Parlaiminte ar Thuarascáil Bhliantúil BCE na bliana roimhe sin ag gabháil léi. Foilseofar an t-aiseolas ar shuíomh gréasáin BCE ar an lá a fhoilseofar Tuarascáil Bhliantúil BCE.

— Féachann an Pharlaimint agus BCE le leanúint den chleachtas ina n-eagraítear seisiún tiomnaithe de Choiste na Parlaiminte um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (Coiste ECON) gach bliain, ar lá foilsithe Thuarascáil Bhliantúil BCE, chun inneachar na tuarascála a phlé. Le linn an tseisiúin, tugann Leas-Uachtarán BCE ráiteas tosaigh, cuireann sé Tuarascáil Bhliantúil BCE faoi bhráid Choiste ECON agus freagraíonn sé ceisteanna ó na Feisirí.

— Tá sé ar intinn ag an bParlaimint rún a ghlacadh gach bliain ina ndéantar achoimre ar a tuairim maidir le beartais agus gníomhaíochtaí BCE a chuirtear i láthair i dTuarascáil Bhliantúil BCE. Pléitear an rún i ndíospóireacht thiomnaithe i Seisiún Iomlánach na Parlaiminte. Le linn na díospóireachta, tugann Uachtarán BCE ráiteas tosaigh ina gcuireann sé an Tuarascáil Bhliantúil i láthair agus, tar éis idirghabhálacha ó Fheisirí, tugann sé ráiteas deiridh ina bhfreagraíonn sé d'idirghabhálacha na bhFeisirí.

<u>Éisteachtaí os comhair Choiste ECON</u>

Beartaíonn an Pharlaimint agus BCE go dtiocfaidh Uachtarán BCE os comhair Choiste ECON in éisteacht phoiblí ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana. Áirítear leis sin, le linn na héisteachta, go dtugann Uachtarán BCE ráiteas agus freagraíonn sé ceisteanna ó Fheisirí go poiblí. Déanann an Pharlaimint na héisteachtaí poiblí a shruthú beo agus deanann sí iad a thaifeadadh freisin, agus, ina dhiaidh sin, cuireann sí físeán de gach éisteacht ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte. Déanann an Pharlaimint tuarascáil focal ar fhocal de gach éisteacht phoiblí a tharraingt suas freisin, a chuirtear ar fáil ansin don phobal freisin ar shuíomhanna gréasáin an dá institiúid.

Ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn

Déanann an Pharlaimint agus BCE iarracht coinneáil leis an gcleachtas atá i bhfeidhm ó thús na 2000idí i leith lena bhfreagraíonn Uachtarán BCE ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn i réimsí inniúlachta BCE arna gcur isteach ag Feisirí. Tá sé ar intinn ag an bParlaimint agus ag BCE na freagraí i scríbhinn ar na ceisteanna sin a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin faoi seach.

Idirghníomhaíochtaí *ad hoc* le comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE

Féachann an Pharlaimint agus BCE le leanúint d'Uachtarán BCE agus de chomhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin BCE a bheith rannpháirteach, arna iarraidh sin ag Parlaimint nó ar a dtionscnamh féin, i malartuithe tuairimí *ad hoc* os comhair Choiste ECON chun saincheisteanna i réimsí inniúlachta BCE a phlé. Áirítear leis sin, le linn an mhalartaithe tuairimí, go dtugann Uachtarán BCE agus comhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin BCE ráiteas agus ansin go bhfreagraíonn siad ceisteanna ó na Feisirí.

Cuairt neamhfhoirmiúil ar BCE

Tá sé ar intinn ag BCE toscaireacht Choiste ECON a óstáil gach bliain le haghaidh plé neamhfhoirmiúil le comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE maidir le saincheisteanna laistigh de réimsí inniúlachta BCE.

Tuairimí CBE

Féachann an Pharlaimint agus BCE le deis a thabhairt do bhreithniú cuí a dhéanamh ar thuairimí BCE maidir le haon ghníomh Aontais arna mbeartú ag comhlachtaí inniúla na Parlaiminte. Chuige sin, ba cheart don Pharlaimint, i gcás inarb iomchuí, tuairim BCE a lorg go tráthúil. Féachann BCE lena thuairimí a thabhairt laistigh de thrí mhí ón uair a tharchuirtear an gníomh Aontais atá beartaithe nó, de rogha air sin, leis an bParlaimint a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an amlíne le haghaidh a ghlactha, agus sceideal na Parlaiminte don obair ar an togra á chur san áireamh.